



Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte

Réimsí Foghlama:

Foghlaim don tSaol agus don Obair: *Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda*

Cuspóirí Foghlama

Trí na gníomhaíochtaí a chomhlánú, beidh an deis ag na daltaí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- feidhmeanna na dtrí phríomhchuid d'Fhoirgnimh na Parlaiminte a fhiosrú; agus agus
- léarscáil agus treoir don chuariteoir a chruthú do thuras chuig Foirgnimh na Parlaiminte;


Riachtanais Reachtúla

Cuirfidh na gníomhaíochtaí ar líne agus ranga leis na riachtanais reachtúla seo a leanas:

Foghlaim don tSaol agus don Obair: *Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda*

Ba cheart deiseanna a bheith ag daltaí:

- buntréithe an daonlathais a fhiosrú.





Scileanna Traschuraclaim/Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Cuirfidh na gníomhaíochtaí ar líne agus ranga an deis ar fáil do dhaltaí na scileanna agus na hábaltachtaí seo a leanas a fhorbairt:

Cumarsáid: Scríbhneoireacht	Trí threoir a chruthú ar Thionól Thuaisceart Éireann, bunaithe ar an ghníomhaíocht ar líne, beidh deis ag daltaí: <ul style="list-style-type: none">faisnéis, brí, mothúcháin, samhluithe agus smaointe a chur in iúl ar dhóigh shoiléir eagraithe.
Úsáid TFC	Tríd an fhaisnéis a úsáid a glacadh ón 'turas' fhíorúil acu ar an Tionól le podchraoladh a chruthú, beidh deis ag daltaí: <ul style="list-style-type: none">smaointe agus faisnéis a chruthú, a fhorbairt, a chur i láthair agus a fhoilsiú go freagrach, ag úsáid réimse meán digiteach, ag láimhseáil éagsúlacht acmhainní le táirgí ilmheáin a tháirgeadh.
Bainistiú Eolais	Trí nótaí a dhéanamh le linn an 'turais' ar líne ar an Tionól, agus úsáid eile a bhaint astu le treoir a chruthú ar Stormont, beidh deis ag daltaí: <ul style="list-style-type: none">a scileanna i láimhseáil faisnéise a fhorbairt, trí fhaisnéis a thaifeadadh agus a chur in oiriúint.

Forléargas

Tríd an turas Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte i rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#), is féidir le daltaí turas a dhéanamh thart ar Fhoirgnimh na Parlaiminte agus feidhmeanna na dtrí phríomhláthair a fhiosrú: Seomra an Tionóil, Seomra an tSeanaid agus an Halla Mór.

Iarrann an Gníomhaíocht Tosaigh ar na daltaí ransú smaointe a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin obair a dhéantar ag Foirgnimh na Parlaiminte agus an obair a dhéanann daoine iontu.

I ndiaidh fiosrú a dhéanamh, sa Gníomhaíocht Leantach déanfaidh daltaí athbhreithniú ar na nótaí a rinne siad agus iad ar an turas Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte agus úsáid a bhaint astu le léarscáil agus treoir a dhéanamh don chuairteoir a bheadh ar cuairt i bhFoirgnimh na Parlaiminte. Má tá an rang ábalta an turas a dhéanamh go fisiceach, d'fhéadfaí an ghníomhaíocht a shíneadh ina script le podchraoladh a dhéanamh agus iad ar a dturas san fhíorshaol.

Gníomhaíocht Tosaigh

Úsáid an clár bán le hiad a chur ar an eolas faoin turas Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte ó rannán **Bhlianta 8–10** de shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#). Míneadh do na daltaí go mbeidh siad ag dul ar thuras ar líne d'Fhoirgnimh na Parlaiminte, agus go gcuirfidh sin ar a gcumas na feidhmeanna a dhéantar i bpríomhréimsí an fhoirgnimh a fhiosrú.





Déan ransú smaointe ar na rudaí a tharlaíonn i bhFoirgnimh na Parlaiminte, dar leo, agus an cineál oibre a dhéanann daoine ansin.

- Cad iad na daoine nó na heachtraí ar chuala siad trácht orthu sna meáin?
- Ar thug siad/a dteaghlach/a gcairde cuairt ar Fhoirgnimh na Parlaiminte riamh?

Gníomhaíocht Ar Líne

Mar dhaoine aonair nó i mbeirteanna, ba chóir do dhaltaí dul ar an turas Taobh Istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte i rannán **Bhlianta 8–10** ar shuíomh gréasáin [Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann](#).

An dóigh le fiosrú a dhéanamh:

- Clliceáil ar an chnaipe Tosaigh le hathbhreithniú a dhéanamh ar na príomhréimsí gnó i bhFoirgnimh na Parlaiminte: Seomra an Tionóil, an Halla Mór agus Seomra an tSeanaid.
- Clliceáil ar na réimsí seo le hamharc ar shamhaltú den tseomra lena mbaineann sé.
- Fiosraigh na rudaí difriúla sna bolgáin – clliceáil le fóirghrianghraif a fheiceáil a bhaineann leis an réimse sin.
- Úsáid íocón Fhoirgnimh na Parlaiminte ar dheis ag barr an scáileáin le nascleanúint a dhéanamh tríd an fhoirgneamh, nó le filleadh ar an roghchlár.

De réir mar a dhéanann daltaí turas thart ar an fhoirgneamh, ba chóir dóibh nóta a dhéanamh de na rudaí seo:

- na gníomhaíochtaí a dhéantar ag Foirgnimh na Parlaiminte, mar shampla Tráth na gCeisteanna, díospóireachtaí, vótáil, comhdhálacha nuachta, cruinnithe coiste etc; agus
- na daoine a bhíonn ag obair ann agus an obair a dhéanann siad, mar shampla, CTRanna, iriseoirí, aistritheoirí, finnétithe, Ceann Comhairle, cléirigh tábla, srl.

Nuair a bhíonn a gcuid taiscéalaíochta críochnaithe ag na daltaí, ba cheart dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar líon na gníomhaíochtaí agus na ndaoine atá sainaitheanta acu:

- Na torthaí a fuair siad a chur i gcomparáid le torthaí an phlé a bhí acu roimh ré.
- An bhfuil ról ag cuid de na daoine i níos mó ná réimse amháin den fhoirgneamh?





Gníomhaíochtaí Gaolmhara

Tá áiseanna ilmheán eile a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an ghníomhaíocht seo agus/nó le réimsí eile foghlama le fáil i rannán **Bhlianta 8-10** de shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann:

Dlíthe a Dhéanamh:

Níos mó a fháil amach faoi phróiseas déanta na ndlíthe ag Tionól Thuaisceart Éireann, agus tú ag cruthú bille de do chuid féin agus á chur trí chéimeanna éagsúla an Tionóil.

CTR go ceann Seachtaine

Glac ról an CTR go ceann seachtaine agus foghlaim níos mó faoin obair a dhéantar ag Tionól Thuaisceart Éireann agus sa toghcheantar.

Cé hIad do CTRanna?

Úsáid léarscáil idirghníomhach na dtoghcheantar le fiosrú a dhéanamh ar ainmneacha agus suíomhanna na dtoghcheantar do thoghcháin Thionól Thuaisceart Éireann, chomh maith leis na CTRanna a dhéanann ionadaíocht do gach toghcheantar.

Éabhlóid na Déabhlóide

Is amlíne í seo d'eachtraí stairiúla 1900-1999. San amlíne seo, tá meáin ar oscailt Fhoirgnimh na Parlaiminte in 1932, an dóigh ar athraigh gníomhaíochtaí thart ar an fhoirgneamh le linn an Dara Cogadh Domhanda agus dóiteán a tharla i Seomra an Tionóil in 1995. Tugtar mionsonraí fosta ar na polaiteoirí a bhaineann leis na dealbha clúiteacha.

Gníomhaíochtaí Eile

Iarr ar an rang aischothú a thabhairt ar an rud a fuair siad amach le linn an turais ar líne. Déan nóta de na smaointe seo ar an chlár.

Roinn an rang i mbeirteanna agus iarr ar gach beirt úsáid a bhaint as na rudaí a fuair siad amach le linn an turais le léarscáil agus treoir don chuairteoir a chruthú le húsáid ar chuairt ar Fhoirgnimh na Parlaiminte. Ba chóir na rudaí seo a bheith sa chuntas agat:

- léaráid a léiríonn na príomhsheomraí i bhFoirgnimh na Parlaiminte agus cur síos ar gach ceann acu;
- faisnéis ar na príomhghníomhaíochtaí a tharlaíonn taobh istigh d'Fhoirgnimh na Parlaiminte; agus
- faisnéis ar na cineálacha oibre a dhéanann daoine i bhFoirgnimh na Parlaiminte agus cad é atá i gceist leis na cineálacha oibre sin.

D'fhéadfaí an ghníomhaíocht thuas a úsáid le hullmhú le cuairt ranga a thabhairt ar Fhoirgnimh na Parlaiminte.





Northern Ireland
Assembly

EC3

Cuairt a thabhairt ar Fhoirgnimh na Parlaiminte

Má thugann tú cuairt ar an Tionól, leathnaigh an ghníomhaíocht trí iarraidh ar na daltaí script do phodchraoladh a dhéanamh den treoir atá acu ar Thionól Thuaisceart Éireann. Iarr orthu liosta a dhéanamh de na daoine ar mhaith leo agallamh a chur orthu le linn a gcuairte agus na ceisteanna ar mhaith leo cur orthu.

Agus iad ag tabhairt cuairte ar an fhoirgneamh, d'fhéadfadh daltaí a n-agallaimh a thaifeadadh agus iad a chur isteach ina bpodchraoladh.

Bíonn Tionól Thuaisceart Éireann ag postú gearrthóga fuaime ar Audioboo agus is féidir leat éisteacht ag: <http://audioboo.fm/niassembly>

Amharc ar shuíomh gréasáin Sheirbhís Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann le tuilleadh eolais a fháil le cuairt a thabhairt ar Fhoirgnimh na Parlaiminte: <http://education.niassembly.gov.uk>

